




6^U TUARASCÁIL NA COMHAIRLE
UM AN gCARTLANN NÁISIÚNTA 1997






**6Ú TUARASCÁIL NA COMHAIRLE
UM AN gCARTLANN NÁISIÚNTA 1997**

cúlra
 977462111: litreacha a bhaineann le
 muintir Fitzwilliam, 1639-91: cead
 ó Oliver Cromwell do William
 Fitzwilliam chun dul ó Londain go
 hÉirinn, Samhain 1653

mórfhictiúr
 977462118 *Itinerarium Eastæ*
Pembroke: plan le baghaidh
 feabhsúcháin ar eastár Sydney
 Herbert, an Chanáil Mhór, Baile
 Átha Cliath, 1830

inléis ar dhóis
 97748: fardal an *Lady Bagot*, ag
 taisteal idir Éire agus Ceanada, ca.
 1840s

*To his Lordship
 Suffolk William Fitzwilliam Esq
 Ambassador Extraordinary
 from London to the Honble
 my Lord Bishops of Down
 and Connor
 Dublin
 1653*



A MAP - DESIGNED IMPROVEMENTS
 Cornelius Salliard
 On the Estate of the
 HONORABLE SIDNEY HERBERT

*Deird Níora & Royal Exchange
 Dublin, the 26th day of March 1750
 The Plan hereunto sheweth the
 design of the said Estate
 as it is now divided
 into several parts
 by the said
 Cornelius Salliard
 Surveyor
 of the said Estate
 as is more fully
 expressed in the
 Plan hereunto
 annexed
 C. Salliard*

INVENTORY
OF THE NEW QUEBEC-BURY BARQUE
LADY BAGOT,

(pro tem.)
380 Tons, O.M., and 442 N.M.

DIMENSIONS FOR REGISTER FOR NEW TONNAGE.

Length from Main Stem to fore part of Stern-post aloft. 115 1/2 feet.
Breadth inside. 94 1/2 "

Depth 15 1/2 "

This fine Vessel was built by Mr. Oliver, of excellent materials and is well finished, flush decked and nicely fitted in her Masts and Spars.

Now lying in the Commercial Docks, Rotherhithe.

Ball, Masts, Yards, Standing and Running Rigging, with all Furniture as they are in.

INVENTORY.

Table with 4 columns: Deck, Mast, Ship Chandler's Store, and Cook & Cabin Store. Lists various equipment like ladders, ropes, and tools.

The Vessel and her Stores to be taken with all Furniture as they are in, without any Allowance for Weight, Length, Quality, or any defect whatever.


For further Particulars apply to

JOHN CHAPMAN & Co.

2, LEADENHALL STREET.

Handwritten notes in the top left corner, including 'Friday 10th Nov 1857' and other illegible text.

Large handwritten signature or name, possibly 'TOMMY' or similar.



6ú Tuarascáil na Comhairle um an gCartlann Náisiúnta 1997
© Rialtas na hÉireann, 1999

ISSN :
0791-4601

Pn 7273

Arna foilsíú ag:

An Chartlann Náisiúnta, Sráid an Easpaig, Baile Átha Cliath 8, Éire
Teil: + 353-1-4072-300
Facs: + 353-1-4072-333
Ríomhphost: mail@nationalarchives.ie

Arna foilsíú freisin ar láthair líonra na Cartlainne Náisiúnta:
<http://www.nationalarchives.ie>

Dearadh le:

Ger Garland

Arna cló ag:

Nicholson and Bass

clúdach tosaigh agus leathanach
teidil :

mórfhictiúr

97/4631 *Leaicéileanna Eanáil*
Pembroke: sliocht as suirbhéireacht
ar pharóiste Thí Naithí, Co.
Bhaile Átha Cliath, 1865

intís ar clé

97/36: ceadúnais phósta do
pharóiste N. Pól, Deoise Chorcaí
agus Rois, 1803-17

intís láir

97/46/111: litreacha a bhaineann le
muintir Fitzwilliam, 1639-91:
cead ó Oliver Cromwell do
William Fitzwilliam chun dal ó
Londain go hÉirinn, Samhain
1653

intís ar dheis

620/30/39 *Páipéir Reibiliún:*
tuairiscéan seachtainiúil an airm in
Éirinn, Bealtaine 1797

CLÁR

LITIR CHUIG AN AIRE EALAÍON, OIDHREACHTA, GAELTACHTA AGUS OILEÁN	6
1. Cúlra	7
2. Bunú agus feidhmeanna na Comhairle	8
3. Comhaltas agus Rúnaí	9
4. Tuarascálacha bliantúla na Comhairle	10
5. Gníomhaíochtaí na Comhairle	11
6. Plean straitéiseach don Chartlann Náisiúnta 1996-2001	12
7. Taifid Ranna	14
8. Ábhair Chartlainne ag Udarás Áitiúla	15
9. Saoráil Faisnéise	16
10. Rúndacht Chomh-Aireachta	17
11. Foilseachán caighdeán	18
AGUISÍN	19
Fógra ón Aire le mórleathnú ar an gCartlann Náisiúnta	
INNÉACS	20

Síle de Valera, T.D.,
Aire Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oilcín

6Ú TUARASCÁIL NA COMHAIRLE UM AN gCARTLANN NÁISIÚNTA 1997

A Aire, a chara,

De réir Alt 21 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, tá sé d'onóir agam an 6ú Tuarascáil ón gComhairle um an gCartlann Náisiúnta, don bhliain 1997, a chur faoi do bhráid. Is oth liom an mhoill a bhain leis an tuarascáil a chur ar fáil.

Mar Chomhairle nua, is eol dúinn, agus sinn i mblianta deiridh an 20ú haois, go bhfuil méadú ag teacht ar eolas agus spéis an phobail i dtaca leis na bunfhoinsí atá inár gCartlann Náisiúnta agus is eol dúinn freisin an t-ionad tábhachtach atá ag an gCartlann Náisiúnta i saol cultúrtha agus intleachtúil an náisiúin.

Tá sé tugtha dár n-aire, agus is ábhar buíochais dúinn, an spéis ar leith atá léirithe agat féin sa Chartlann Náisiúnta ó tháinig tú in oifig. Ba léir an méid sin den chéad uair nuair a thug tú cuairt ar cheannoifig Shráid an Easpaig agus cuireadh leis nuair a d'éirigh leat ceadú an Rialtais a fháil d'oiriúnú agus do leathnú an Stórais ag Sráid an Easpaig.

Is mian linn ár mbuíochas a thaifeadh as an gcúirtéis agus as an gcúnamh a fuarthas ó fhoireann do Roinne ar gach ócáid, go háirithe i gcás ár Rúnaí, Joe Meleady. Ba mhaith linn freisin ár mbuíochas a thaifeadh a mhéid a bhaineann le Stiúrthóir agus foireann dhúthrachtach na Cartlainne Náisiúnta a réitigh an bealach dúinn chun dul i mbun ár ndualgas láithreach.

Is mise,
Margaret MacCurtain
Cathaoirleach

Meitheamh 1999

NORTHUMBERLAND ROAD

97/46/33 Léarscáilanna casta
Tombrook: léarscáil ar a dtaispeán-
tar Bóthar Northumberland,
cathair Bhaile Átha Cliath, gan
dála.

an leathnach thall
OPW/SHOS/291: plan le
haghaidh cuain tascáil ag
Stephensport, Co. Antrim,
1828

1. CÚLRA

1.1 Ginearálta:

Tá oidhreacht ársa uathúil lámhscríbhinní ag Éirinn ach tá an traidisiún cartlainne in Éirinn óg agus á fhorbairt fós. Le tríocha bliain anuas tá méadú ollmhór tagtha ar eolas faoi chúrsaí cartlainne i measc an phobail i gcoitinne agus i measc na ndaoine sin atá freagrach as cruthú agus caomhnú taifead sa rialtas lárnach agus sa rialtas áitiúil, sna hollscoileanna, i ngnóthaí agus in institiúidí príobháideacha. Cuidíodh go mór leis an réabhlóid chartlannaíochta seo mar gheall ar reachtaíocht thábhachtach atá rite, mar shampla an tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986, agus an tAcht Rialtais Áitiúil, 1994, agus mar gheall ar bhunú na Roinne Chartlannaíochta sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, sa bhliain 1973, chun traenáil chartlannaíochta ghairmiúil a chur ar fáil den chéad uair ar oileán na hÉireann.

1.2 An Chartlann Náisiúnta:


Tá ionad tábhachtach ag an gChartlann Náisiúnta i saol cultúrtha agus intleachtúil an náisiúin. Is í an Chartlann Náisiúnta an choimeádlann chartlannaíochta is mó ar oileán na hÉireann agus faightear inti na taifid ar an Stát nua-aoiseach, ar a éabhlóid staire agus ar a fhéiniúlacht náisiúnta. Baineann na bailiúcháin atá inti le gach ceann den dá chontae is tríocha in Éirinn agus tá acmhainní maithe ann le haghaidh taighde staire. Tá bunábhair riachtanacha inti do staraithe atá ag iarraidh tuiscint agus míniú a fháil ar an tslí ina rialaítear saoránaigh an stáit seo agus na fórsaí polaitíochta, eacnamaíochta agus sóisialta lenar cruthaíodh Éire nua-aoiseach a rianú agus a thuairisciú. Cuireann sí deis ar fáil do státseirbhíisigh staidéar a dhéanamh ar pholasaí, tugann sí seans don iliomad cuairteoirí ar an tír seo a bpréamhacha a aimsiú agus bíonn leanaí scoile as gach cearn den tír seo in ann tuiscint a fháil inti ar a n-oidhreacht.

Go dtí an bhliain 1988 ba iad Oifig na dTaifead Poiblí in Éirinn (a bunaíodh i 1867) agus Oifig na Stát-Pháipéar (a bunaíodh i 1702) a bhí freagrach as bailiú agus caomhnú taifead poiblí. Cailleadh an chuid is mó de na hábhair chartlainne a bhí á gcoimeád in Oifig na dTaifead Poiblí le linn dóiteáin sna Ceithre Cúirteanna sa bhliain 1922 tráth a scriosadh cuid mhór den fhoirgneamh freisin. Rinneadh an Chartlann Náisiúnta, ar institiúid í a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint léi, den dá chomhlacht sin de thoradh an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986. Tugadh an tAcht i bhfeidhm go hiomlán ar an 1 Meitheamh 1988, agus ó shin i leith ní hamháin go raibh an Chartlann Náisiúnta freagrach as na bailiúcháin a bhí ann ach ghlac sí freagrachtaí breise chuici féin freisin mar bhrainse den Rialtas. Faoi réir sríantachtaí riachtanacha áirithe, ní mór gach taifead Roinne atá ann le níos mó ná tríocha bliain a aistriú chuig cúram na Cartlainne Náisiúnta agus iad a bheith ar fáil lena n-íniúchadh ag an bpobal.



2. BUNÚ AGUS FEIDHMEANNA NA COMHAIRLE

- 2.1 Bunaíodh an Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta faoi Alt 20 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, chun comhairle a thabhairt don Taoiseach agus, dá éis sin, ón 20 Eanáir 1993 amach, don Aire Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán i bhfeidhmiú a cumhachtaí faoin Acht agus i dtaobh gach ní a fhearann ar ábhair chartlainne agus a n-úsáid ag an bpobal.
- 2.2 Is é atá sa Chomhairle ná cathaoirleach agus líon comhaltaí eile nach mó ná aon duine dhéag. Cuireadh an chéad Chomhairle ar bun ar an 14 Eanáir, 1987, ar feadh tréimhse cúig bliana. Ar dhul in éag don tréimhse sin athcheapadh na comhaltaí go léir ar feadh tréimhse eile cúig bliana suas go dtí an 29 Eanáir 1997. Ceapadh an Chomhairle láithreach ar an 20 Bealtaine 1997.
- 2.3 I dteannta na bhfeidhmeanna a thugtar don Chomhairle faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, féadfaidh an Chomhairle, faoi Alt 65 den Acht Rialtais Áitiúil, 1994, comhairle a thabhairt don Aire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil maidir le haon ní a fhearann ar ábhair chartlainne áitiúla agus a n-úsáid ag an bpobal.
- 2.4 Mar a chéile, féadfaidh an Chomhairle, faoi Alt 92 den Acht Cuanta, 1996, comhairle a thabhairt d'Aire na Mara agus Acmhainní Nádirtha maidir le hábhair chartlainne atá ag cuideachtaí agus údaráis chuain.



5. COMHALTAS AGUS RÚNAÍ

Comhaltáí na Comhairle

Margaret MacCurtain, *M.A., Ph.D., F.R.H.S., Staráí agus Combalta Sinsearach, Dámh na nDán, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (Cathaoirleach na Comhairle)*

Niall Bradley, *Bainisteoir Chontae Cbill Dara*

Mary E. Daly, *M.A., D.Phil., M.R.I.A., Ollamb Comblachaithe i Nua-Stair na hÉireann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; comhalta de Choimisiún Lámbscríbhinní na hÉireann; comhalta de Bhord Cuairteoirí Ard-Mhúsaem na hÉireann*

John Horgan, *Léachtóir Sinsearach san Iriseoireacht, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; údar*

Liam Irwin, *M.A., Ceann Roinn na Staire, Coláiste Mhuire Gan Smál, Ollscoil Luimnigh*

Michael Kenny, *Dloltóir leabhar agus staráí áitiúil*

Charles Lysaght, *M.A., MLitt., B.L., Dlíodóir acadúil agus scríbhneoir*

Patricia McCarthy, *B.A., D.A.A., Cartlannaí, Institiúid Chartlannatochta Chorcaí; comhalta de Chumann na gCartlannaithe*

Susan Parkes, *M.A., MLitt., F.T.C.D., Léachtóir Sinsearach san Oideachas, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; staráí oideachais*


Peter Rigney, *Oifigeach Tionscail, Comhar Ceardchumann na hÉireann; staráí saothair*

David Sheehy, *B.A., D.A.A., Cartlannaí, Cartlann Dheoise Bhaile Átha Cliath; comhalta de Chumann na gCartlannaithe*

Anngret Simms, *Ph.D., M.R.I.A., Ollamb Comblachaithe sa Tíreoláocht, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; comhalta de Choimisiún Lámbscríbhinní na hÉireann*

Rúnaí na Comhairle:

Joseph Meleady, *An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán*



OPW5HC5/41: plan den tsráidbhaile agus den phiara i mBerna, Co. na Gaillimhe, 1830

an leathanach thall
OPW5HC5/48: plan le haghaidh piara iascaigh ag Laurence's Cove, an tOileán Mór, Co. Chorcaí, 1828

TUARASCÁLACHA BLIANTÚLA NA COMHAIRLE

Baineann tuarascálacha na Comhairle roimhe seo leis na tréimhsí a thaispeántar:

- 1ú Tuarascáil - Eanáir 1987 go Meitheamh 1990
 2ú Tuarascáil - Iúil 1990 go Meitheamh 1992
 3ú Tuarascáil - Iúil 1992 go Nollaig 1993
 4ú Tuarascáil - Eanáir 1994 go Nollaig 1994
 5ú Tuarascáil - Eanáir 1995 go Nollaig 1996

to be fitted.
 Your Very Obedt^{le} Serv^t

Wm Ellis

620/30/52 Páipéir Reibiliúin:

William Ellis, Philipstown, chuig
 John Lees, Ard-Mháistir Poist, á
 thuiriscíú go bhfuil na
 Protastúnaigh áitiúla ag teitheadh
 isteach i Philipstown, áit nach
 bhfuil dóthain cosaint acu,
 Bealtaine 1797

an leathanach thall

620/30/33 Páipéir Reibiliúin: Guy
 Gordon, Londonderry, chuig J.
 Beresford, páipéir seolta ar
 aghaidh maidir leis na hÉirean-
 naigh Aontaithe agus a n-airm.
 Eochair curtha ar fáil don chód.
 Bealtaine 1797

Hon^{ble} Sir

The Defenders for this week had now to seek
 an allowing pitch in this neighbourhood that all the Protestants of any property
 is flying into this town with their families for protection & as a night passed
 without some violence being committed. A Mr. Dorell Mr. Barragan Mr. Kellum
 Mr. Dempsey & a Mr. Ashel all Men of property within three miles of this town
 were Rob^d of a considerable value besides a good many more had now rob^d.
 of their names Only a furnished Room lets in this town for six or seven sh^{ill}
 week there is not above thirty soldiers in our Barracks and the most of them
 Privates so that our Cause is much to be pitied

From Y^{our} Very Obedt^{le} Serv^t

Philipstown
 18 May 1797

Wm Ellis


5. GNÍOMHAÍOCHTAÍ NA COMHAIRLE

5.1 Tionóladh an cruinniú deireanach den seanChomhairle ar an 29 Eanáir 1997. Tháinig an Chomhairle nua le chéile ar na dátaí seo a leanas:


- 1 Iúil 1997
- 10 Meán Fómhair 1997
- 5 Samhain 1997
- 4 Nollaig 1997

5.2 D'fhonn a chumasú don Chomhairle nua eolas a cur ar riaradh na Cartlainne Náisiúnta, d'fhreastail na comhaltaí ar chruinniú, a mhair lá iomlán, i Sráid an Easpaig, ar an 10 Meán Fómhair 1997. Thug Frances McGee, Cartlainnaí, agus Aideen Ireland, Cartlainnaí, cuairt threoraithe do na comhaltaí ar an gcoirfocht stórála don ábhar cartlainne agus ar an seomra léitheoireachta poiblí. Thug an Stiúrthóir, David Craig, léargas ar an bPlean Straitéiseach don Chartlann Náisiúnta 1996-2001 agus ar fhorbairt foirgníochta atá beartaithe don Chartlann Náisiúnta.

5.3 Ar an 30 Nollaig 1997, d'fhreastail an Cathaoirleach agus roinnt comhaltaí den Chomhairle ar réamhthaispeáint do na meáin a bhí ar siúl sa Chartlann Náisiúnta agus a bhain le chomhaid a bhí á scaoileadh faoin rial tríocho bliain. Bhí an tAire Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán, Síle de Valera, TD, i láthair freisin agus ba ócáid oiriúnach í sin di a fhógairt go mbeadh an stóras taobh thiar d'áitreabh Shráid an Easpaig á oiriúnú chun freastal ar riachtanais stórála na Cartlainne Náisiúnta.



Chaiting Col. King of made Trooper

..... Dorcy taken to complete our no. of L. and in after
 Business the who she soon L. are then, Season meeting L. the
 and 24 years old. We have seen a and not
 are and send sleep in and men cool our, there at. M. H. I. —
 treated and quietly draw all, as advised, and we follow
 down it below and hope P. O. D. year, X B. L. to as division
 well of  as it is well draw for except two — in
 P. O. D. as drop to are L. the when comes come before, with and talked
 dam, and the deal to been the national drawer, P. O. D. to say,
 Gull, feathered fine some were those
 them to us lately worthy the U. F. holder, and we have got a
 altogether way a in prepared. Gull, House of P. O. D. the for receipt
 won and official & the attempt of the P. O. D. is good, we liked
 we sit do they can take most but appearance find the ... —
 Term and even at T. C. day
 real and
 look upon B. B. don certain at following 1 de

L. Dorcy May 8th 1771 7

I shoud be glad you would send your copy
 some copy Government the interest paper which the
 longed of good of drawing — that a copy paper to present
 and — to be returned to me, as possible, the paper
 copy to of service in the drawing of the paper
 the paper who you on the drawing
 who instructed me how to send the production should be and
 as it is almost impossible to understand their intent
 some presentation of the paper they have to add in the
 book being my explanation of the same — I shoud like
 to see of them and have your own of each to Gen. M. P. O. D.
 R. M. H. I. I shoud like for no section of mine
 shall be wanting to explain the evidently marked papers
 of each people — I shoud like to see for your
 faithful & obedient servant
 Gull, feathered

6. **PLEAN STRAITÉISEACH DON CHARTLANN NÁISIÚNTA 1996-2001**
- 6.1 Bunaíodh an Chartlann Náisiúnta faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986. Faoin Acht sin ceanglaíodh go ndéanfaí taifid gach Roinne Rialtais (agus 61 chomhlacht poiblí sceidealta) os cionn 30 bliain d'aois, ar leith ó roinnt eisceachtaí áirithe, a aistriú chuig an gChartlann Náisiúnta agus a chur ar fáil lena n-íniúchadh ag an bpobal.
- 6.2 B'ionann bunú na Cartlainne Náisiúnta agus dul chun cinn agus beart ciallmhar i dtreo eolas a chur ar fáil don phobal i dtaobh gníomhaíochtaí Rialtas éagsúil. Má tá sí le feidhmiú go héifeachtach, áfach, ní mór don Rialtas acmhainní a chur ar fáil di atá ar comhréir leis na freagrachtaí dlíthiúla a fhorchuirtear uirthi.
- 6.3 Cé gur ghlac Rialtais éagsúla roinnt beart chun cabhrú leis an gChartlann Náisiúnta i dtaca lena forbairt i dtús báire, bhí imní mór ar an tseanChomhairle fós nár cuireadh na hacmhainní riachtanacha ar fáil a theastódh chun freastal ar na ceanglais a forchuireadh le reacht agus go raibh iarmhairtí neamhsheachanta ann dá bharr sin (5ú Tuarascáil).
- 6.4 Dá réir sin, d'fhoilsigh an tseanChomhairle, i Meitheamh 1996, *A Future for Our Past - Strategic Plan for the National Archives, 1996-2001*. Ba é an cuspóir a bhí ag an bPlean Straitéiseach ná riachtanais thábhachtacha a shainaithint agus a léiriú ar riachtanais iad a theastódh chun an Chartlann Náisiúnta a thabhairt go caighdeán inghlactha. Leagadh síos cuspóirí a bhí le comhlíonadh laistigh de ré an Phlean Straitéisigh agus áiríodh orthu sin Taifid Ranna agus neamh-Roinne, Áitreabh, Foireann, Polasáí Caomhnaithe, Seirbhísí d'Úsáidí agus Cian-Seirbhísí, agus Teicneolaíocht an Eolais. Sainaithníodh na réimsí sin go léir mar réimsí a bhí thar a bheith tábhachtach i dtaca le hoibriú rathúil na Cartlainne Náisiúnta agus i dtaca le feidhmiú an Achte um Chartlann Náisiúnta agus reachtaíochta iomchuí eile a aicteáíodh ó 1986 i leith.
- 6.5 Is mian leis an gComhairle láithreach a buíochas a thaifeadadh as obair chrua, fuinneamh agus smaointeoireacht chúramach na seanChomhairle le linn an chéad Phlean Straitéiseach riamh a ullmhú don Chartlann Náisiúnta. Measann an Chomhairle gurb ionann an Plean agus slat tomhais riachtanach ar dá réir is féidir dul chun cinn na Cartlainne sna ceithre bliana atá romhainn a mheas.
- 6.6 Ó foilsíodh an Plean Straitéiseach, tá forbairtí suntasacha de chineál dearfach tar éis tarlú cheana féin i roinnt réimsí tábhachtacha agus is ábhar dóchais an méid sin go bhfuil na húdaráis chuí ag déileáil le riachtanais na Cartlainne Náisiúnta ar bhealach dáiríre. Is ábhar dóchais ar leith é don Chomhairle an méid suime atá á léiriú ag an Aire Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán, Sille de Valera, TD, sa Chartlann Náisiúnta le linn an achair ghairid atá príomhchoimeádlann ábhar cartlainne na hÉireann faoina cúram.
- 6.7 Tá rún daingean ag an gComhairle a chinntiú go ndéanfar an oiread dul chun cinn is féidir, idir seo agus an bhliain 2001, i dtaca le comhlíonadh na gcuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach. Chuige sin, tá sé beartaithe ag an gComhairle leas a bhaint as an deis chun Tuarascáil Bhliantúil a chur ar fáil ina bpléifear agus ina léireofar, ar bhonn roghnach, dul chun cinn nó easpa dul chun cinn maidir leis na cuspóirí bunúsacha atá leagtha síos sa Phlean Straitéiseach.
- Maidir le hÁitreabh;**
- 6.8 Tar éis an tAchte um Chartlann Náisiúnta, 1986, a achtú, aistríodh sealúchas na Cartlainne Náisiúnta, sa tréimhse idir 1990 agus 1994, ó na háiteanna éagsúla a bhí scaipthe óna chéile go dtí Sráid an Easpaig, Baile Átha Cliath 8. Rinneadh ceannoifig na Cartlainne Náisiúnta den áitreabh i Sráid an Easpaig agus coimeádadh seanOifig na dTaifead Poiblí d'aontoisc mar stóras eisláithreáin d'ábhair chartlainne. Cuireadh an t-áitreabh i Sráid an Easpaig, a bhí ar áitiú ag Oifig an tSoláthair roimhe sin, ar fáil d'úsáid eisiach na Cartlainne Náisiúnta.
- 6.9 Idir na blianta 1990 agus 1997, áfach, choimeád Oifig an tSoláthair seilbh ar chodanna suntasacha den áitreabh i Sráid an Easpaig, is é sin le rá, urlár 1, cuid den bhunurlár sa bhloc tosaigh, an t-íoslach agus an stóras taobh thiar den fhoirgneamh. Mar gheall ar an moill a bhain le himeacht Oifig an tSoláthair ó Shráid an Easpaig bhí an spás stórála a

bhí ann don Chartlann Náisiúnta chomh srianta sin go raibh baol ann go gcuirfí deireadh le haistriú bliantúil taifead Rialtais agus Cúirte, mar a cheanglaítear le dlí, amach ó 1997.


- 6.10 Ba é sin an staid bhocht a bhí ann ach bhí ábhar faoisimh agus lúcháire ann nuair a fuarthas an scéala, a d'fhógair an tAire Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán go foirmiúil ar an 30 Nollaig 1997, go raibh ceadú faighte ón Rialtas maidir le hoiriúnú agus leathnú an stórais ag Sráid an Easpaig ar chostas measta £É13 mhilliún. Tá an scéim le cur i gcrích ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus beidh sí bunaithe ar chur chuige Uimh. 4 atá le fáil i dtuarascáil chomhchomhairliúcháin a d'ullmhaigh Building Design Partnership (BDP) sa bhliain 1994. (Féach Aguisín.)
- 6.11 Is mian leis an gComhairle comhghairdeas ó chroí a dhéanamh leis an Aire Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán as ceadú an Rialtais a fháil don scéim riachtanach seo a cheadóidh don Chartlann Náisiúnta a feidhmeanna reachtúla a comhlíonadh. Is mian leis an gComhairle buíochas a ghabháil freisin leis an Aire Airgeadais sa Rialtas deireanach, Ruairí Ó Cuinn, TD, as an spéis mhór a léirigh sé i dtionscadal an stórais; chuir sé £É500,000 ar fáil ina Ráiteas Buiséid in Eanáir 1997 chun an obair ullmhúcháin a dhéanamh in oirchill cheadú deiridh an Rialtais do chur chuige Uimh. 4 ó BDP. Agus, ina theannta sin, is mian leis an gComhairle buíochas a ghabháil leis an tseanChomhairle as an ról gníomhach a bhí acu maidir le stocaireacht a dhéanamh leis an Rialtas le go ndéanfaí tionscadal an stórais a chur i gcrích.
- 6.12 Le linn na bliana 1997 bhí tuilleadh dul chun cinn ann maidir le hOifig an tSoláthair imeacht ón áitreabh i Sráid an Easpaig. I mí Dheireadh Fómhair, d'imigh an t-aonad clódóireachta ó urlár 1 de réir mar a iarradh sa Phlean Straitéiseach. Cuireadh tús láithreach leis an obair a ghabh le hoiriúnú urlár 1 i gcomhair úsáide ag an gCartlann Náisiúnta (féach Tuarascáil an Stiúrthóra). Faoi dheireadh na bliana, bhí Oifig an tSoláthair fós san íoslach, i gcuid den bhunurlár sa bhloc tosaigh agus sa stóras. Bhíothas ag súil, áfach, go dtabharfaí na codanna sin den fhoirgneamh suas don Chartlann Náisiúnta faoi Earrach na bliana 1998.
- Maidir le Cúrsaí Foirne:**
- 6.13 Ar leith ó dheacrachtaí maidir leis an áitreabh, is é an bac is mó ar an gCartlann Náisiúnta i dtaca lena ról a chomhlíonadh ná leibhéal íseal líon na foirne a cheadaítear a fhosú. Tá na tograí sa Phlean Straitéiseach maidir le cúrsaí foirne tugtha dá haire ag an gComhairle agus tá sé beartaithe aici, le linn a réarma oifige, aird ar leith a thabhairt don ábhar seo a measann sí gur ábhar fíor-thábhachtach é i ndáil le hoibriú rathúil na Cartlainne Náisiúnta.
- Maidir le Seirbhísí d'Úsáidirí agus Cian-Seirbhísí:**
- 6.14 Ba mhaith leis an gComhairle go ndéanfaidh an Chartlann Náisiúnta forbairt ar réimse cuimsitheach seirbhísí d'úsáidirí agus cian-seirbhísí go háirithe i réimse an oideachais, i réimse na foilsitheoireachta agus sa réimse taispeántais. Tá cuspóirí straitéiseacha don ábhar seo leagtha amach sa Phlean Straitéiseach agus is mian leis an gComhairle a chinntiú go ndéanfar dul chun cinn maidir leis na nithe sin. Ba mhaith leis an gComhairle, ach go háirithe, seirbhísí do chustaiméirí a fheabhsú trí uaire oscailte an tseomra léitheoireachta a fhadú (féach cuid 6.2 den Phlean Straitéiseach), ag féachaint don mhéadú ollmhór atá tagtha, le deich mbliana anuas, ar líon na dtaighdeoirí a úsáideann an Chartlann Náisiúnta (féach an 5ú Tuarascáil, Aguisín III).
- 6.15 I mí Eanáir 1997 reáchtáil an Chartlann Náisiúnta a céad mhórhaispeántas agus fuarthas cabhair ina leith sin trí urraíocht fhial ón John Jefferson Smurfit Foundation. Áiríodh sa taispeántas, dar teideal 'A Nation and not a Rabble', doiciméid bhunaidh de chuid na Cartlainne Náisiúnta agus de chuid coimeádlann eile trínar insíodh scéal na bliana tábhachtaí ó lúil 1921 go Meitheamh 1922 i bhforbairt pholaitíochta agus shóisialta na hÉireann nua-aoisí. Cuireadh an taispeántas ar siúl dá éis sin i roinnt ionad ar fud na tíre (chun tuilleadh sonraí a fháil féach Tuarascáil an Stiúrthóra). Is mian leis an gComhairle an deis seo a thapú chun comhghairdeas a dhéanamh le Stiúrthóir agus foireann na Cartlainne Náisiúnta agus, go háirithe, le Comheagraí an Taispeántais, Catriona Crowe, as an gcéad fhiontar iontach sin.

7. TAIFID RANNA

7.1 Tá sonraí maidir le haistriú taifead Ranna chuig an gCartlann Náisiúnta sa bhliain 1997 le fáil i dTuarascáil an Stiúrthóra don bhliain.

7.2 Is mian leis an gComhairle a chur in iúl gurb ábhar inmí dóibh go bhfuil srianadh mór á dhéanamh, ó 1995 i leith, ar aistriú bliantúil taifead ag Ranna Rialtais mar gheall ar an moill maidir le haslonnú urlár 1 i Sráid an Easpaig agus, go háirithe, gurb é sin is cúis le cosc ar aistriú riaráistí móra taifead, a bhí thar am cheana sa bhliain 1995, ag an Roinn Airgeadais agus ag an Roinn Oideachais. Tugann sí dá haire, áfach, go mbeidh an Chartlann Náisiúnta in ann, mar gheall ar urlár 1 a bheith faighte aici ag deireadh 1997, glacadh leis na taifid Roinne go léir atá le haistriú sa bhliain 1998 nó atá thar am i dtaca le haistriú de. Tá sé beartaithe ag an gComhairle leanúint de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh a ndualgas ag Ranna a mhéid a bhaineann le haistriú taifead sa bhliain 1998.

97/2/11 An Roinn Gnóthaí
Eachtracha: meamram ar staid
eagrúcháin an IRA, Nollaig 1966



9. SAORÁIL FAISNÉISE

- 9.1 Achtaíodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise ar an 21 Aibreán 1997. Is beart é atá ceaptha mar bhealach a fhágfaidh go bhfuil riarachán poiblí ag gach leibhéal níos oscailte agus níos cuntasáí agus, sa tslí sin, a fhágfaidh go mbeidh próiseas déanta cinntí níos fearr ann agus go bhfeabhsófar an leibhéal páirteachais a bhíonn ag an bpobal i gcúrsaí Rialtais.
- 9.2 Ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí leabhar tagartha a fhoilsiú ina ndéantar cur síos ar a struchtúr, ar a chóras eagrúcháin, ar a fheidhmeanna, ar a chumhachtaí agus ar a dhualgais mar aon le sonraí a thabhairt faoi aon seirbhísí a sholáthraíonn sé agus faoi na dóigheanna trínar féidir leis an bpobal leas a bhaint as na seirbhísí sin. Ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí freisin a chuid taifead a chur ar fáil don phobal go feadh an mhéid is mó is féidir ar comhréir le leas an phobail agus leis an gceart atá ag saoránaigh aonair chun príobháideachta.
- 9.3 Tá an Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta agus an Chartlann Náisiúnta liostaithe ar leithligh óna chéile sa sceideal de chomhlachtaí poiblí lena mbaineann an tAcht. Ceanglaítear ar an gComhairle, faoi Alt 16 den Acht, 'leabhar tagartha' a chur ar fáil agus foilseofar sin in éineacht le leabhar tagartha na Cartlainne Náisiúnta.
- 9.4 Ní bhaineann an tAcht um Shaoráil Faisnéise, i gcoitinne, ach le taifid a cruthaíodh tar éis an tAcht a theacht i ngníomh. Dá ainneoin sin, tá daoine aonair i dteideal rochtain a iarraidh ar thaifid a bhaineann leo féin agus a cruthaíodh roimh achtú an Achta um Shaoráil Faisnéise. I dtosach báire, is ceart gur beag dúblú a bheidh ann i dtaca le taifid a choimeádann comhlachtaí poiblí a thagann faoi réim an Achta agus taifid a choimeádtar sa Chartlann Náisiúnta. Bheadh sé inmholta, áfach, socruithe a dhéanamh go luath chun teacht roimh aon deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann.
- 9.5 Is ceart a lua go bhféadfaidh an tAire Airgeadais, faoi Alt 15(5) den Acht, tar éis comhairle a ghlacadh le Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta, socrú a dhéanamh maidir le bainistiú agus cothabháil taifead atá faoi choimeád comhlachtaí poiblí. Trí fheabhas a chur ar na caighdeán a bhaineann le coimeád taifead i gcomhlachtaí poiblí, is féidir a bheith ag súil go gcuirfidh an tAcht feabhas ar chaighdeán na n-ábhar cartlainne a bheidh ar fáil ar deireadh thiar do thaighdeoirí sa Chartlann Náisiúnta.
- 9.6 Is é tuairim na Comhairle go ndéanfaidh feidhmiú an Achta um Shaoráil Faisnéise ag leibhéal na n-údarás áitiúil, i mí Dheireadh Fómhair 1998, léiriú a thabhairt ar an tábhacht a ghabhann le bainistiú eolais a mhéid a bhaineann le húdaráis áitiúla. Is ceart go gcuirfidh sé seo deis ar fáil chun déileáil le seirbhísí cartlainne mar acmhainn a chabhróidh le réachtáil mhaith údarás áitiúil. Is mian leis an gComhairle idirchaidreamh a dhéanamh i dtaca le tionscnaimh eile atá idir lámha chun údarás áitiúla a ullmhú i gcomhair feidhmiú an Achta. D'fhágfaidh sé sin go drabharfar aghaidh ar ról ábhar cartlainne ag leibhéal áitiúil i slí thuisceanach, chomhréireach, chomhtháite.

B. or C.	Value in pence	Telegrafa an Phoist	No. C
Sent at 14	a. h.	En chiffre au thoirme au a char le son chiffre sur grossé et au telegram one.	14
From 14		(This form should accompany any register respecting this telegram.)	14
To		Office of Origin and Service Instructions	No. of Words
By		14 G 184 9.30 COALISLAND BE 18	
AN TAÓISEACH DUBLÍN -			
CONGRATULATIONS . AT LAST WE ARE HAVING SOME REALISM			
IN IRISH POLITICS - AUSTIN CURRIE MP +			
<small>PRINTED AND PUBLISHED BY HENRY DOLLARD, 206</small>			

10. RÚNDACHT CHOMH-AIREACHTA

10.1 Leis an seachtú leasú ar an mBunreacht, a ritheadh ar an 30 Deireadh Fómhair 1997, ráthaíodh rúndacht ábhar agus shonraí na bpléidí sa Chomh-Aireacht, ach amháin i gcás ina gcinntíodh an Ard-Chúirt go bhfuil nochtadh ar mbaithe le leas an Riaracháin agus an cheartais nó de bhun iarratais ó bhíne fíorúcháin. Ba ábhar inní don Chomhairle go bhféadfadh an leasú bunreachtas sin teorainn a chur le rochtain ar thaifid Ranna Rialtais a bhí sa Chartlann Náisiúnta cheana féin, agus gurb é a thíocfadh as ná nach n-osclofaí roinnt comhad don phobal amach anseo.

10.2 Tharraing an Stiúrthóir aird na Comhairle ar na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar roinnt duillíní bándearga - is iad sin na nótaí a úsáideann Rúnaí an Rialtais chun taifead gairid a dhéanamh ar chinntí a dhéantar le linn cruinnithe den Chomh-Aireacht. Tá cuid mhór de na duillíní sin le fáil sa Chartlann Náisiúnta ar chomhaid ó Roinn an Taoisigh. I líon beag cásanna, tugann na nótaí sin taifead gairid ar na tuairimí a léiríonn Aire amháin nó níos mó ag cruinniú den Chomh-Aireacht. Bhí ábhar inní ann, dá gcuirfí na duillíní bándearga sin ar fáil don phobal sa Chartlann Náisiúnta, go mbeifí ag sárú rúndachta Comh-Aireachta. Thug an Chomhairle dá haire freisin go bhféadfaí tuairiscí gairide ar na tuairimí a léiríodh an cruinnithe den Chomh-Aireacht a fháil, ó am go chéile, i gcomhaid Roinne.

10.3 I mí Dheireadh Fómhair 1997, sula raibh an reifreann ann, scríobh an Cathaoirleach chuig an Aire Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán chun a chur in iúl go raibh inní ar an gComhairle i dtaobh an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an reifreann a bhí le bheith ann ar rochtain ar chomhaid Roinne. Tugadh deimhniú don Chomhairle nach mbeadh gá le taifid a bhí ar oscailt don phobal an tráth sin a tharraingt siar, mar nach bhféadfaí a rá go raibh rúndacht ann i dtaca le doiciméid den sórt sin. Coimeádfadh an Chomhairle na nithe seo faoi athbhreithniú.

97/6/18 Roinn an Taoisigh: litir ó Thomas McGreevy chuig an Taoiseach tar éis scríosadh Cholún Nelson, ag moladh colún ionaid a thógáil, Márta 1966

an leathanach thall

97/6/301 Roinn an Taoisigh: teileagram ó Austin Currie, MP, chuig an Taoiseach ag déanamh comhghairdis leis tráth a chruinnithe le Príomh-Aire Thuaisceart Éireann, Eanáir 1965

49 Morensington Road,
Dublin 4.
8th March, 1966.

Sean Lenner, Esq., T.D.,
Taoiseach.

Dear Taoiseach,

Shortly after the Cultural Relations Committee was set up I put forward a proposal that we should hold an international competition for a winged figure representing Belfast and place the winning statue on the Pillar instead of old Horatio Nelson. I don't think Michael Scott, Maura Lavery and, (I think) Eileen MacGarraill, would mind my telling you that they were ready to support the motion. My plea was that the Pillar was the finest Doric pillar, so far as I knew, in Great Britain or Ireland, that because of its political association it was in danger of destruction etc.

Certain members immediately objected that my proposal was political. I pointed out that at our first meeting the then Minister had suggested that at cultural level we could help in regard to the problem of Partition. But the Chairman approved the objection and ruled the proposal out of order.

I know certain motorists wish the Pillar away. The same element succeeded in getting practically every foot-path in North Kerry abolished (so that if a young fellow takes his girl for a walk in the evening he is run down and if he takes to the fields the Holy Mother is after him)! The Pillar was fine. Even Kirk's statue of old Horatio was fine. (So is the Victoria though it was cast by mistake larger than Huguenot wanted it - the subsidiary groups below it were superb examples of the art of that great Irish sculptor, John Hughes, who, I believe, was an old Westland Row boy).

I venture to write to you about all this in the hope that the old Pillar will be restored and an UN-Georgian figure placed on top of it. Do, Please, Sir, forgive my intrusion.

With every good wish to you as ever.

Yours sincerely,
Thomas McGreevy.
(Thomas McGreevy).

Sir, Don't let the Taoiseach see this - we are at all your discretion

Sean Lenner

FÓGRA ÓN AIRE MAIDIR LE MÓRLEATHNÚ AR AN GCARTLANN NÁISIÚNTA

Ar an 30 Nollaig 1997, d'fhreastail Síle de Valera, TD, Aire Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán, ar an réamhthaispeánt bhliantúil do na meáin sa Chardann Náisiúnta de chomhaid Roinne a scaoiltear faoin rial 30 bliain de réir an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986. Roghnaigh an tAire an ócáid sin chun a fhógairt go foirmiúil go raibh ceadú an Rialtais faighte maidir le scéim mórleathnaithe chun freastal ar riachtanais stórála na Cartlainne Náisiúnta. Dúirt sí go ndéanfaí foirgneamh láithreach taobh thiar d'áitreabh na Cartlainne Náisiúnta i Sráid an Easpaig, Baile Átha Cliath, ar a dtugtar an 'Stóras', a oiriúnú agus a leathnú ar chostas measta ££13 m. Oifig na nOibreacha Poiblí a chuirfeadh an scéim i gcrích.

Dúirt an tAire go gcuirfi tús leis an obair deartha go luath sa bhliain 1998 agus, nuair a bheadh dearthaí tosaigh tarraingthe suas agus comhaontaithe le Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta agus lena Roinn, go lorgófaí cead pleanála.

Seo a leanas sliocht as aitheasc an Aire:

"Is cúis mhór áthais dom a fhógairt go mbeidh an tionscadal seo, a chuirfidh cóiríocht ar fáil de réir caighdeán cartlannaíochta idirnáisiúnta, á chur i gcrích sa deireadh. Mar gheall ar an easpa spáis chun ábhair chartlainne a ghlacadh tá teorainn curtha le hobair thábhachtach na hinstitiúide seo maidir le taifid an ama atá caite a chur ar fáil. Tríd an mórthorbairt seo ag áitreabh Shráid an Easpaig tabharfar aghaidh ar na riachtanais fhadtéarmacha stórála agus, dá réir sin, cabhróidh sí go mór le taifid an Stáit nua-aoisigh a chur ar fáil do mhic léinn, do scoláirí, do státseirbhísigh, do shaoránaigh Éireannacha agus do chuariteoirí ó thíortha thar lear.

Tá a fhios agam go bhfuil soláthar cóiríochta feabhsaithe agus leathnaithe don ábhar tábhachtach seo ina chuspóir príomha straitéiseach de chuid an Phlean Straitéiseach, *A Future for our Past*. Is mian liom buíochas a ghabháil inniu as díograis chomhaltaí na Comhairle um an gCartlann Náisiúnta agus leis an tseanChomhairle a d'oibrigh go crua chun forbairt a dhéanamh ar an gCartlann."

97/48: ticéad conartha paisinéara do thuras sa stíris ó Phort Láirge go Quebec, Bealtaine 1847

an leathanach thall
97/48: cuimhneachán ó phaisinéirí an *Lady Bagot*, ag gabháil buíochais leis an gcaptaen as a chineáltas le linn an turais go Quebec, ca. 1840s

MICHAEL DOWNEY, SHIP AGENT,
QUAY, WATERFORD.

PASSENGERS' CONTRACT TICKET.

It is hereby agreed and warranted that in the event of any passenger aboard leaving the United Kingdom for any Place in North America, without taking this Ticket, and crossing before the 1st of January, and signing it with his name in full, will be liable to a Penalty not exceeding £10 for each such Passenger.

Ship *Solway* of *700* tons register burthen, to sail from *W. W. W.*
for *W. W. W.* on the *26th* day of *May* 184*7*

I engage that the Parties herein named shall be provided with a *Stowage* Passage to *Quebec*
in the Ship *Solway* with not less than 10 cubic feet for Luggage for each *Stowage* adult, for the
sum of *£ 26.0.0* including Head Money, if any, at the place of
loading, and every other charge, and I hereby acknowledge to have
received the sum of *£ 26.0.0* in *full* payment.

* Water and Provisions, according to the annexed scale, will be supplied by the Ship as required by law, and also fire, and suitable hearths for cooking.

Food and drink for eating and drinking must be provided by the Passengers.

Signature, *M. Downey for Solway*
Date, *May 26th 1847*

SCALE OF PROVISIONS AND WATER THAT WILL BE SUPPLIED TO EACH ADULT BY THE SHIP.

1 lb. of Bread: 8 Oz. of Meat, 1 lb. of Butter, 1 lb. of Tea, or a proportionate quantity of Coffee, 1/2 lb. of Sugar being computed as equal to 1 lb. of the other articles above mentioned. } The week. } Issued not less than one week before departure.

3 quarts of Water per day.

No.	NAME.	Age.	No. of Stowage Adults.
1	<i>John Downey</i>	<i>26</i>	
2	<i>John Downey</i>	<i>26</i>	
3	<i>Thomas Downey</i>	<i>10</i>	
4	<i>John Downey</i>	<i>5</i>	
5	<i>John Downey</i>	<i>5</i>	
6	<i>John Downey</i>	<i>5</i>	
7	<i>John Downey</i>	<i>5</i>	
8	<i>John Downey</i>	<i>5</i>	
9	<i>John Downey</i>	<i>5</i>	
10	<i>John Downey</i>	<i>5</i>	

Deposit £ *26.0.0*
Balance £ *26.0.0*
Total £ *26.0.0*

To be paid at *W. W. W.*
before the *26th of May* or Deposit received

To *W. W. W.*

572.5.0

INNÉACS

Nóta: Uimbreacha na míreanna, ní uimbreacha na leathanach, atá sna na huimbreacha san innéacs seo.

- Acht Rialtais Áitiúil, 1994, 1.1, 2.2
 Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, 1.1-1.2, 2.1, 2.3
 Acht um Shaoráil Faisnéise, 1998, 9.1-9.6
 rialacháin bhainistíochta taifead faoi, 9.5
 Airgeadais, an tAire, 9.5
 Airgeadais, an Roinn, a cuid taifead, 7.2
- Cartlann Náisiúnta
 aistriú taifead Rann Rialtais, 7.1-7.2
 áitreabh, 6.8-6.12
 bunú, 1.2
 foireann, 6.13
 Plean Straitéasach, 1996-2001, 5.2, 6.1-6.15
 seirbhísí díúsáid agus cian-seirbhísí, 6.14-6.15
 Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Roinn Cartlannaíochta, 11
 Comhairle um an gCartlann Náisiúnta
 bunú agus feidhmeanna, 2.1-2.4
 comhaltas, 3
 gníomhaíochtaí, 5
 tuarascálacha bliantúla, 4
 Comhshaol agus Rialtas Áitiúil, an tAire, 2.3
 Comhshaol agus Rialtas Áitiúil, an Roinn, 8.7
 Cuideachtaí agus údarais chuain, a gcuid taifead, 2.4
 Cumann na gCartlannaithe, Réigiúin na hÉireann, 11
- Ealaíona, Oidhreacht, Gaeltacht agus Oileán, an tAire, 2.1, 5.3, 6.6, 10.3
- Muir agus Acmhainní Nádúrtha, an tAire, 2.4
- Oideachais, an Roinn, a cuid taifead, 7.2
 Oifig na dTaifead Poiblí, 1.2, 6.8
 Oifig na Stát-Pháipéar, 1.2
- Rúndacht Chomh-Aireachta, 10.1-10.3
- Standards for the Development of Archives Services in Ireland, 11*
- Údarais áitiúla, a gcuid taifead, 2.3, 8.1-8.9
 rochtain orthu faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 9.6
 suirbhé orthu, 8.6